Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2240(INI)

20.11.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar mholadh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais don 70ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan
(2025/2240(INI))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir: Lina Gálvez

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTMHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 7

DRÉACHTMHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

chuig an gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais don 70ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan
(2025/2240(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don 70ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan, a bheidh ar siúl i mí an Mhárta 2026, dá théama tosaíochta dar teideal *Ensuring and strengthening access to justice for all women and girls, including by promoting inclusive and equitable legal systems, eliminating discriminatory laws, policies, and practices, and addressing structural barriers* [Rochtain ar cheartas a áirithiú agus a neartú do gach bean agus cailín, lena n-áirítear trí chórais dlí chuimsitheacha agus chothroma a chur chun cinn, trí dhlíthe, beartais agus cleachtais idirdhealaitheacha a dhíothú, agus trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha] agus dá théama athbhreithnithe dar teideal *Women's full and effective participation and decision making in public life, as well as the elimination of violence, for achieving gender equality and the empowerment of all women and girls* [Rannpháirtíocht agus cinnteoireacht iomlán agus éifeachtach na mban sa saol poiblí, chomh maith le deireadh a chur le foréigean, chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile a bhaint amach],

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú an 18 Nollaig 1979,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, eadhon an prionsabal 'gan aon duine a fhágáil ar lár' agus, go háirithe, Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5, lena bhféachtar le comhionannas inscne a bhaint amach agus lena áirithiú go mbeidh cearta comhionanna ag mná ar acmhainní eacnamaíocha, chomh maith le rochtain ar úinéireacht agus ar rialú talún agus cineálacha eile maoine, ar sheirbhísí airgeadais, oidhreachta agus ar acmhainní nádúrtha, agus Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 10, lena bhféachtar le deireadh a chur le dlíthe, beartais agus cleachtais idirdhealaitheacha, agus reachtaíocht, beartais agus gníomhaíocht iomchuí a chur chun cinn,

– ag féachaint d'Airteagail 20, 21, 23 agus 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 dar teideal 'Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne (GAP) - Clár oibre uaillmhianach do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh' (JOIN(2020)0017), ina leagtar amach plean gníomhaíochta AE don chomhionannas inscne don tréimhse 2021-2025,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Márta 2025 dar teideal 'Treochlár um Chearta na mBan' (COM(2020)0097), lena n-athdhearbhaítear tiomantas an Aontais don chomhionannas inscne,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal ‘A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025’ [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint do Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle[1],

– ag féachaint do Chlár Ceartais an Choimisiúin 2021-2027, lena gcuirtear cistiú ar fáil chun tacú le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla, amhail oiliúint do bhreithiúna agus do chleachtóirí dlí eile, agus rochtain éifeachtach ar cheartas do shaoránaigh agus do ghnólachtaí,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl),

– ag féachaint d’Airteagal 81(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 121 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A10-0000/2025),

A. de bhrí gur bunphrionsabal de chuid an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir mná agus fir; de bhrí gur cheart príomhshruthú inscne agus cur chuige trasnach a chur chun feidhme agus a chomhtháthú ar fud bheartais uile an Aontais; de bhrí gur cheart go leanfadh beartais inmheánacha agus sheachtracha de bheith comhsheasmhach agus comhleanúnach chun a áirithiú go ndéanfar cearta an duine, an daonlathas agus an comhionannas inscne a chur chun cinn go héifeachtach agus go hinchreidte ar fud an domhain;

B. de bhrí nach amháin gur cearta bunúsacha an duine iad cearta na mban agus comhionannas inscne, ach gur réamhchoinníollacha iad chun forbairt an duine a chur chun cinn agus an bhochtaineacht a laghdú agus bonn riachtanach a thógáil do dhomhan síochánta, rathúil agus inbhuanaithe;

C. de bhrí go n-aithnítear rochtain ar cheartas go forleathan mar cheart bunúsach an duine faoin dlí idirnáisiúnta, mar choincheap lárnach i réimse níos leithne an cheartais, agus mar bhunchloch don smacht reachta agus don daonlathas; de bhrí go n-aithníonn an tAontas rochtain ar an gceartas mar cheart bunúsach faoi Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

D. de bhrí go bhfuil rochtain ar cheartas do mhná fós ina saincheist chasta agus chriticiúil ar fud réigiúin uile an domhain;

E. de bhrí, ar fud an domhain, go bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht ar na leibhéil is airde de na breithiúna agus de na húdaráis ionchúisimh, go háirithe i bpoist

[1] IO L 315, 14.11.2012, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj.

cheannaireachta amhail uachtaráin cúirteanna, príomhbhreithiúna agus cinn oifigí ionchúisimh;

F. de bhrí go gcuireann na Náisiúin Aontaithe rannpháirtíocht níos mó de mhná chun cinn go gníomhach in earnáil an cheartais trí thionscnaimh agus feachtais thiomnaithe; de bhrí go raibh baint ag ionadaíocht níos mó ar mhná laistigh d'institiúidí breithiúnacha le cuir chuige i leith an cheartais atá níos dírithe ar íospartaigh a chur chun cinn;

G. de bhrí gur sáruithe ar chearta bunúsacha é foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh; de bhrí nach mór do chórais dlí a bheith freagrúil do riachtanais shonracha íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe trí chosaint agus leigheasanna leormhaithe a áirithiú; de bhrí go bhfuil bacainní suntasacha fós ar go leor ban maidir le mí-úsáid a thuairisciú agus rochtain a fháil ar thacaíocht dhlíthiúil;

H. de bhrí go bhféadtar, le steiréitíopáil bhreithiúnach agus noirm inscne atá i réim bac a chur ar cheartas do mhná ar íospartaigh agus marthanóirí foréigin iad;

1. ag moladh go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas:

a) tiomantas buanseasmhach an Aontais don chomhionannas inscne a athdhearbhú agus a áirithiú go ndéanfar cearta na mban a chur chun feidhme go hiomlán i ngach gné de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais trí chur chuige a bheidh maoinithe go leormhaith, claochlaitheach ó thaobh inscne de, cuimsitheach agus trasnach;

b) rannpháirtíocht iomlán na Parlaiminte agus a Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne a áirithiú sa phróiseas cinnteoireachta maidir le seasamh an Aontais ag an 70ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan; a áirithiú go mbeidh faisnéis agus rochtain leormhaith ag an bParlaimint ar dhoiciméad seasaimh an Aontais roimh na caibidlíochtaí; tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar idirinstitiúideach, lena n-áirítear le linn na gcaibidlíochtaí, ionas go ndéanfar tosaíochtaí na Parlaiminte a ionchorprú i gceart;

c) gealltanas a thabhairt go dtacaíonn sí go láidir le hobair Mhná na Náisiún Aontaithe, ar gníomhaí lárnach é i gcóras na Náisiún Aontaithe chun cearta na mban ina n-éagsúlacht uile a chur chun cinn agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile a thabhairt le chéile chun athrú beartais a chruthú agus gníomhaíochtaí a chomhordú; a iarraidh ar Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe, in éineacht leis an Aontas, cistiú leormhaith a áirithiú do Mhná na Náisiún Aontaithe;

d) a áirithiú go mbeidh ionstraimí Eorpacha agus idirnáisiúnta comhlántach agus uaillmhianach, le forálacha láidre agus substainteacha chun mná a chumhachtú agus rochtain ar cheartas a ráthú, agus a chur i gcuntas go bhfuil an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil bunriachtanach i ndáil leis sin; a áirithiú go léireoidh an tAontas ceannaireacht láidir agus go nglacfaidh sé seasamh aontaithe maidir le córais cheartais chuimsitheacha neamhchlaonta atá inrochtana do chách, go háirithe grúpaí ban atá faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí leochaileacha ar minic a bhíonn bacainní rompu maidir le rochtain a fháil ar cheartas mar gheall ar bhearnaí cumais institiúideacha, cúiseanna soch-chultúrtha agus idirdhealú; scrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme cúirteanna sonracha maidir le foréigean inscnebhunaithe; tacú le creataí dlíthiúla cuimsitheacha lena gcosnaítear

cearta na mban agus lena n-áirithítear rannpháirtíocht iomlán agus chomhionann na mban faoin dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon;

e) príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne a chur i bhfeidhm i réimsí beartais uile an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíocht sheachtrach; a chur i bhfáth gur gá do stáit cistiú leordhóthanach a leithdháileadh do chúnamh dlíthiúil inscne-fhreagrúil agus do sheirbhísí tacaíochta, go háirithe do mharthanóirí foréigin inscnebhunaithe, agus rochtain leordhóthanach ar chúiteamh, ós rud é go ndéantar difear díréireach don rochtain atá ag mná ar an gceartas leis na bacainní atá ann cheana;

f) dlús a chur le cur chun feidhme gealltanas idirnáisiúnta chun cosc breise a chur ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní agus freagairt dóibh sa réimse poiblí agus príobháideach araon, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban, pósadh éigeantais, comhroinnt neamhthoiliúil ábhair phearsanta nó ionramháilte, cibearstalcaireacht, cibearchiapadh, cibearsplancáil agus cibearghríosadh chun foréigin nó fuatha;

g) gníomhaíocht a dhéanamh chun na gealltanais atá ann cheana maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áiritheofar cosaint chearta comhionanna an duine agus saoirsí bunúsacha na mban gan idirdhealú, chun a rannpháirtíocht sa saol poiblí a chur chun cinn;

h) a chur i bhfáth go bhfuil cearta na mban agus comhionannas inscne bunriachtanach don smacht reachta, do dhaonlathais athléimneacha agus chuimsitheacha, agus do bhunluachanna an Aontais; a chur i bhfios go láidir go bhfuil sé áiféiseach go bhfuil na milliúin ban agus cailíní, go háirithe i gcomhthéacs coinbhleachta agus easáitithe, fós ag dul i ngleic le hidirdhealú, foréigean agus séanadh a ndínite agus a n-inniúlachta gníomhaithe; a athdhearbhú go bhfuil éigniú fós ar cheann de na sáruithe is forleithne ar chearta an duine ar fud an domhain; a chur i bhfáth a thábhachtaí atá réachtaíocht maidir le héigniú toiliúbhunaithe;

i) ionadaíocht na mban laistigh den bhreithiúnacht agus dá gcomhlachtaí rialaithe a chur chun cinn d'fhonn deireadh a chur le bacainní struchtúracha arna mbuanú ag córas ceartais patrarcach agus andralárnach;

2. á threorú dá hUachtarán an moladh sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus, mar eolas, chuig Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is prionsabal bunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh é comhionannas idir mná agus fir. Ní mór príomhshruthú inscne agus cur chuige trasnach a chur chun feidhme agus a chomhtháthú i mbeartais uile an Aontais, lena n-áiritheofar comhsheasmhacht idir gníomhaíocht inmheánach agus gníomhaíocht sheachtrach chun cearta an duine, an daonlathas agus an comhionannas inscne a chur chun cinn ar fud an domhain. Ní amháin gur cearta bunúsacha an duine iad cearta daonna na mban agus comhionannas inscne, ach is réamhchoinníollacha iad don fhorbairt agus do laghdú na bochtaineachta, agus chun sochaithe síochánta, rathúla agus inbhuanaithe a thógáil.

Tá rochtain ar an gceartas, a chumhdaítear sa dlí idirnáisiúnta agus in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lárnach don smacht reachta agus don daonlathas. Mar sin féin, tá rochtain ar cheartas do mhná fós ina saincheist chasta agus chriticiúil ar fud na réigiún uile. Tá mná fós faoi ghannionadaíocht shuntasach ar na leibhéil is airde de na breithiúna agus de na húdaráis ionchúisimh, go háirithe i róil cheannaireachta amhail uachtaráin cúirteanna, príomhbhreithiúna agus cinn oifigí ionchúisimh; Ag an am céanna, le steiréitíopáil bhreithiúnach agus noirm inscne atá i réim cuirtear bac ar cheartas do mhná ar íospartaigh agus marthanóirí foréigin iad;

Tá rannpháirtíocht níos mó de mhná in earnáil an cheartais curtha chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe, agus léirítear le fianaise go gcuirtear chun cinn cineálacha cur chuige atá níos dírithe ar íospartaigh i leith an cheartais ionadaíocht mhéadaithe na mban laistigh d'institiúidí breithiúnacha. Tá sé sin ábhartha go háirithe chun freagairt d'fhoréigean in aghaidh na mban agus d'fhoréigean teaghlaigh, ar sáruithe ar chearta bunúsacha iad. Ní mór do na córais dlí a bheith freagrúil do riachtanais na n-íospartach trí chosaint agus leigheasanna leormhaithe a áirithiú, cé go bhfuil bacainní suntasacha fós roimh go leor ban maidir le mí-úsáid a thuairisciú agus rochtain a fháil ar thacaíocht dhlíthiúil. Is iomaí bean agus cailín, go háirithe iad siúd a bhfuil cineálacha iomadúla agus trasnacha idirdhealaithe os a gcomhair, a bhraitheann nach bhfuil íogaireacht ann sa chóras ceartais maidir leis na réaltachtaí atá ag grúpaí leochaileacha.

Leis an moladh sin, iarrtar ar an gComhairle tiomantas an Aontais don chomhionannas inscne a athdhearbhú agus a áirithiú go gcuirfear cearta na mban chun feidhme go hiomlán i ngach gné de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais trí chur chuige a bheidh cuimsitheach, trasnach agus maoinithe go leormhaith. Leagtar béim ann freisin ar an ngá atá le rannpháirtíocht iomlán na Parlaiminte agus a Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne maidir le seasamh AE a mhúnlú ag an 70ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan.

Leis an moladh, gealltar freisin tacaíocht láidir do Mhná na Náisiún Aontaithe mar ghníomhaí lárnach laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe chun cearta na mban a chur chun cinn agus iarrtar ar Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe, in éineacht leis an Aontas, cistiú leormhaith a chur ar fáil. Cuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá ionstraimí Eorpacha agus idirnáisiúnta atá uaillmhianach agus comhlántach, lena ngabhann forálacha láidre chun cumhachtú na mban agus rochtain ar an gceartas a ráthú, lena n-áirítear rochtain ar chúnamh dlíthiúil agus breithniú ar chúirteanna speisialaithe maidir le foréigean inscnebhunaithe. Trí chearta na mban a chosaint trí chórais cheartais éifeachtacha, cruthaítear bealach i dtreo sochaithe níos

cothroime, i gcomhréir le cur chun feidhme éifeachtach Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (SDG16).

Ar deireadh, leagtar béim sa mholadh ar an ngá atá le príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne ar fud réimsí beartais uile an Aontais, le dlús a chur le gealltanais idirnáisiúnta chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc, agus le hionadaíocht chomhionann na mban sa bhreithiúnacht a chur chun cinn. Tá cearta na mban agus comhionannas inscne bunriachtanach don smacht reachta, do dhaonlathais athléimneacha, agus do chroíluachanna an Aontais, agus ní mór don Aontas ceannaireacht a léiriú chun a áirithiú go ráthaítear na cearta sin sa chleachtas. Tá rochtain ar cheartas do chách ríthábhachtach do shochaithe córa agus cuimsitheacha agus is réamhchoinníoll í don chomhionannas inscne substainteach agus do chearta an duine.